Fadhb na bulaíochta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin ardú atá tagtha ar an mbulaíocht i measc na n-óg. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, áfach, an féidir leat na focail Bhéarla a cheangal leis na focail Ghaeilge?

1) campaign	a. sciath ghorm
2) blue shield	b. easpa féinmhuiníne
3) implement a strategy	c. tacaíocht
4) to deal with	d. moltaí
5) dispirited, dejected	e. dul i ngleic le
6) lack of self-confidence	f. feachtas
7) new policies	g. straitéis (a chur) i bhfeidhm
8) support	h. in ísle brí
9) cyber bullying	i. beartais nua
10) recommendations	j. cibearbhulaíocht

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Ceist 2 Féach ar an tuairisc anois le feiceáil an féidir leat na focail seo ar fad a chloisteáil inti. Ar thuig tú bunús na míre tar éis féachaint uirthi uair amháin?

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís. Ceangal an t-eolas ar dheis leis na heochairfhocail ar chlé.

sciath ghorm	Tá seirbhís bhulaíochta dhátheangach acu chun cuidiú leo siúd atá thíos leis an mbulaíocht, idir pháistí agus thuismitheoirí.
tionchar na bulaíochta	Bronnfar é seo ar scoileanna a chuireann straitéis i bhfeidhm chun dul i ngleic leis an mbulaíocht.
Rhona McGinn (ISPCC)	Tá moltaí acu chun cuidiú le tuismitheoirí déileáil le páistí a úsáideann an t-idirlíon.
cibearbhulaíocht	Ísle brí, uaigneas agus easpa féinmhuiníne a bhí orthu siúd a ndearnadh bulaíocht orthu.
Clive Byrne (Cumann na bPríomhoidí)	Tá duine óg as gach deichniúr ag fulaingt as seo, agus tá méadú faoi dhó tagtha ar an uimhir sin le bliain anuas.

Ceist 4 **An t-urú**

A. Féach ar an tuairisc arís agus breac síos aon sampla den urú a chloiseann tú inti. Abair amach os ard ansin iad leis an duine in aice leat.

B. Cuir an dá fhocal seo in abairtí fút féin.

-cónaí -suim

Ceist 5 '…ina mbronn**far**…'

Sin an briathar saor den bhriathar ***bronn*** san aimsir fháistineach. An féidir leat an patrún a leanúint chun na bearnaí sa bhosca a líonadh? Ná déan dearmad den riail 'caol le caol' agus 'leathan le leathan'

bronnfaidh sé	**bronnfar**
brisfidh	
ceannóidh	
ainmneoidh	

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo le do ghrúpa:

1. An bhfuil fadhb na bulaíochta i do scoil / i do choláiste / i d'ollscoil féin?
2. An bhfuil fadhb na bulaíochta ag dul in olcas de barr an idirlín, dar leat?
3. Cad a dhéanfá dá mbeadh a fhios agat go raibh bulaíocht á déanamh ar dhuine a raibh aithne agat air?

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
f	a	g	e	h	b	i	c	j	d

Ceist 2
Iarr ar an rang an oiread eolais agus is féidir leo a sholáthar duit faoin mír.

Ceist 3

sciath ghorm	Bronnfar é seo ar scoileanna a chuireann straitéis i bhfeidhm chun dul i ngleic leis an mbulaíocht.
tionchar na bulaíochta	Ísle brí, uaigneas agus easpa féinmhuiníne a bhí orthu siúd a ndearnadh bulaíocht orthu.
Rhona McGinn (ISPCC)	Tá seirbhís bhulaíochta dhátheangach acu chun cuidiú leo siúd atá thíos leis an mbulaíocht, idir pháistí agus thuismitheoirí.
cibearbhulaíocht	Tá duine óg as gach deichniúr ag fulaingt as seo, agus tá méadú faoi dhó tagtha ar an uimhir sin le bliain anuas.
Clive Byrne (Cumann na bPríomhoidí)	Tá moltaí acu chun cuidiú le tuismitheoirí déileáil le páistí a úsáideann an t-idirlíon.

Ceist 4
A.
‘líon na ndaoine’
‘a ndéantar’
‘ina mbronnfar’
‘i bhfeidhm’
‘i ngleic’
‘ar an nguthán’
‘Cumann na bPríomhoidí’
‘go mbeadh’

B.
Samplaí:
*Tá mé i mo chónaí i **d**Trá Lí.*
*Tá suim agam i **g**ceol agus i **s**tair.*

Ceist 5

bronnfaidh sé	**bronnfar**
brisfidh	**brisfear**
ceannóidh	**ceannófar**
ainmneoidh	**ainmneofar**

Ceist 6
Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na gceisteanna seo i mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Eimear Ní Chonaola
Deir Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí go bhfuil méadú mór ar líon na ndaoine óga a ndéantar bulaíocht orthu sa tír seo. Tá feachtas nua seolta inniu ina mbronnfar sciath ghorm ar scoileanna a chuireann straitéis i bhfeidhm le dul i ngleic le bulaíocht; bítear sin á déanamh ar an duine go díreach, ar an idirlíon nó ar an nguthán.

Grett O'Connor
Míle duine a ghlaoigh ar an tseirbhís *Childline* anuraidh, ag rá go raibh bulaíocht á déanamh orthu. Bhíodar go mór in ísle brí dá bharr, bhíodar uaigneach agus bhí easpa féinmhuiníne orthu freisin. Inniu do sheol Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí beartais nua chun dul i ngleic leis an mbulaíocht.

Rhona McGinn
Is féidir le daoine óga téacs a sheoladh chugainn ar 50101. *So* tá bulaíocht *service* againn le haghaidh daoine óga. Tá *toolkit* againn atá le fáil ar shuíomh idirlín an ISPCC agus tá leagan Gaeilge ann le haghaidh scoileanna a bheidh in ann plé leis an ábhar sin. Agus, chomh maith leis sin, tá tacaíocht againn le haghaidh tuismitheoirí, má tá imní orthu, is féidir leo breathnú ar an suíomh idirlín san ISPCC chomh maith.

Grett O'Connor
Tá cibearbhulaíocht á himirt anois ar dhuine óg as gach deichniúr, de réir taighde atá déanta ag Cumann na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí. Tá an figiúr sin dúbailte ón am seo anuraidh.

Clive Byrne, Cumann na bPríomhoidí
So, is iad na moltaí atá déanta againne ná go mbeadh níos mó oideachais do thuismitheoirí ionas gur féidir leo labhairt leis na páistí ó thaobh cúrsaí idirlín agus an úsáid nó mí-úsáid atá á déanamh, mar gheall air sin.

Grett O'Connor
Is féidir a thuilleadh eolais a fháil ar an suíomh idirlín www.ispcc.ie. Grett O'Connor, Nuacht TG4.